

CUNTAIS AN CHISTE

Rialtais Áitiúil 2012

agus

Tuarascáil an Ard-Reachtair

Cuntas agus Ciste



CUNTAIS AN CHISTE
Rialtais Áitiúil 2012
agus
Tuarascáil an Ard-Reachtair
Cuntas agus Ciste

Clár na nÁbhar

Leathanach

Ráiteas ar Rialú Inmheánach Airgeadais	1-2
Ráiteas ar Bheartais Chuntasaíochta	3
Cuntas Ioncaim agus Caiteachais	4
Clár Comhardaithe	5
Ráiteas ar Shreabhadh Airgid	6
Nótaí leis na Cuntais	7-12
Tuarascáil an Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste	13

Cuntais an Chiste Rialtais Áitiúil 2012

Ráiteas an Oifigigh Cuntasaíochta ar rialú inmheánach airgeadais

Freagracht maidir le Córas um Rialú Inmheánach Airgeadais

Mar Oifigeach Cuntasaíochta, aithním an fhreagracht atá orm go ndéanfaidh an Roinn córas éifeachtach um rialú inmheánach airgeadais a choimeád agus a oibriú. Tugaim faoin bhfreagracht seo i gcomhthéacs na n-acmhainní atá ar fáil dom agus m'oibleagáidí eile mar Ard-Rúnaí. Ina theannta sin, ní thugann aon chóras um rialú inmheánach airgeadais ach ráthaíocht réasúnta seachas ráthaíocht iomlán go mbíonn sócmhainní cosanta, go mbíonn idirbhirt údaraithe agus taifeadta mar is cuí, agus go ndéantar earráidí ábhartha nó mírialtachtaí a chosc nó a aithint go tráthúil. Is próiseas leanúnach é an córas um rialú inmheánach airgeadais a choimeád agus déantar an córas agus éifeachtúlacht an chórais a athbhreithniú go rialta.

Is é seo a leanas an seasamh i ndáil leis an timpeallacht um rialú airgeadais, le creat na nósanna imeachta riaracháin, agus le tuairiscithe agus iniúchadh inmheánach a bhainistiú:

An Timpeallacht um Rialú Airgeadais

Deimhním go bhfuil timpeallacht rialaithe leis na heilimintí seo a leanas i bhfeidhm:

- sannadh freagrachtaí airgeadais ar an lucht bainistíochta le cuntasacht chomhfhreagrach
- bunaíodh socruithe maidir le tuairisciú ar gach leibhéal arna shannadh freagracht maidir le bainistíocht airgeadais
- bunaíodh nósanna imeachta foirmiúla chun teipeanna rialaithe suntasacha a thuairisciú agus chun gníomhú ceartaitheach cuí a áirithiú
- tá Coiste Iniúcháireachta ann chun comhairle a chur orm agus mé ag comhlíonadh mo chuid freagrachtaí a bhaineann leis an gcóras um rialú inmheánach airgeadais

Rialuithe Rialacháin agus Tuairisciú Bainistíochta

Deimhním gur cuireadh creat um nósanna imeachta riaracháin agus tuairisciú bainistíochta rialta ar bun lena n-áirítear leithscaradh dualgas agus córas tarmhligin agus cuntasachta agus, go háirithe:

- tá córas buiséadaithe cuí le buiséad bliantúil ann a ndéanann lucht ardbhainistíochta athbhreithniú air
- déanann lucht ardbhainistíochta athbhreithnithe rialta ar thuarascálacha tréimhsiúla agus bliantúla a léiríonn feidhmíocht airgeadais i gcomparáid le réamhaisnéis
- oibrítear córas um bainistiú riosca sa Roinn

Ráiteas an Oifigigh Cuntasaíochta ar rialú inmheánach airgeadais (ar lean)

- tá córais ann atá dírithe ar shlándáil na gcóras TFC a áirithiú

Iniúchadh Inmheánach

Deimhním go bhfuil feidhm iniúchta inmheánaigh ag an Roinn le pearsanra faoi oiliúint chuí, a oibríonn de réir cairte i scríbhinn a cheadaigh mé féin. Cuirtear le hobair na feidhme seo le hanailís ar na rioscaí airgeadais os comhair na Roinne agus bunaítear na pleananna bliantúla maidir le hiniúchadh inmheánach, arna gceadú agamsa, ar an anailís seo. Tá sé mar aidhm ag na pleananna seo na príomhrialuithe a chuimsiú, ar bhonn atrátha, thar thréimhse réasúnta. Déanaim féin agus an Coiste Iniúchóireachta athbhreithniú go tréimhsiúil ar an bhfeidhm iniúchta inmheánaigh. Tá nósanna imeachta curtha ar bun agam chun a áirithiú go ndéanfar tuarascálacha na feidhme iniúchta inmheánaigh a fhiosrú.

Cuntais an Chiste Rialtais Áitiúil 2012 **Ráiteas ar Bheartais Chuntasaíochta**

1. Ginearálta

Bunaíodh an Ciste Rialtais Áitiúil leis an Acht Rialtais Áitiúil, 1998 le héifeacht ón 1 Eanáir 1999 i leith.

Íoctar fáiltas mhótarchánach (glan ar aisíocaíochtaí) agus an mhuirir teaghlaigh isteach sa Chiste.

Déanann an Roinn Comhshaoil, Pobail agus Rialtais Áitiúil an Ciste Rialtais Áitiúil a bhainistiú agus déantar na costais riaracháin a ghabhann leis a ghearradh ar Vóta 25.

Ullmhaíodh na cuntais seo don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2012.

Ullmhaíodh na cuntais ar bhonn fabhráithe ach amháin mar a léirítear thíos.

2. Aitheantas Ioncaim

Léiríonn ioncam ar mhótarcháin suimeanna a bhailíonn Údaráis Mhótarchánach agus atá dlite don Chiste, faoi réir Alt 5(2) den Acht Rialtais Áitiúil, 1998. Léiríonn ioncam ón Muirear Teaghlaigh suimeanna a bhailigh an Ghníomhaireacht Bainistíochta Rialtais Áitiúil faoin Acht Rialtais Áitiúil (Muirear Teaghlaigh) 2011. Aithnítear ús bainc ar bhonn fabhrú.

3. Aitheantas Caiteachais

Aithnítear caiteachas ón gCiste ar an mbonn seo a leanas:

- leithdháiltí a mheastar a bheith dlite d'údaráis áitiúla sa bhliain 2012;
- forchúitimh atá dlite don Roinn Iompair, Turasóireachta agus Spóirt, (Rannóg Seirbhísí Ríomhaireachta um Thiománaithe agus Feithiclí) ó chuntas an Chiste;
- forchúiteamh caiteachais ar scéimeanna ceadaithe maidir le Bóithre Réigiúnacha agus Áitiúla agus Grúpscéimeanna Uisce; agus
- caiteachas atá ceadaithe ag an Aire.

Cuntais an Chiste Rialtais Áitiúil Cuntas Ioncaim agus Caiteachais don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2012

		<u>2012</u>	<u>2011</u>
<u>Ioncam</u>	<u>Nótaí</u>	€	€
Ioncam Mótarchánach	1	1,052,863,980	1,011,629,770
Muirear Teaghlaigh	2	113,914,055	-
Ús Bainc		602,193	2,368,653
Maoiniú Státchiste		-	175,000,000
Ioncam Eile		-	429,377
Ioncam Iomlán		<u>1,167,380,228</u>	<u>1,189,427,800</u>
Íocaíochtaí le hÚdaráis Áitiúla			
Íocaíochtaí Ilchuspóireacha	3	637,106,314	699,761,891
Seirbhísí Uisce	4	36,796,248	33,954,873
Maoiniú d'Aimsir Chrua Gheimhridh	5	700,000	374,938
Beartha um Chuimsiú Sóisialta	6	616,317	629,398
Áiseanna Spóirt don Phobal	7	319,682	950,318
Coiste na Réigiún	8	248,626	281,323
Seirbhísí Dóiteáin	9	245,391	246,700
Eile	10	121,937	369,797
		<u>676,154,515</u>	<u>736,569,238</u>
Íocaíochtaí leis an Roinn Iompair, Turasóireachta agus Spóirt			
Bóithre Réigiúnacha agus Áitiúla	11	404,524,000	397,580,000
Rannóg Seirbhísí Ríomhaireachta um Cheadúnas Tiomána agus Feithiclí	12	13,905,958	13,253,301
Riarachán an Cheadúnaithe Tiománaithe	13	106,221	158,455
		<u>418,536,179</u>	<u>410,991,756</u>
Íocaíochtaí Eile			
Státchiste- Ioncam Mótarchánach	14	46,500,000	-
Riarachán an Mhuirir Teaghlaigh	15	6,709,545	-
Tionscnaimh Comhpháirtíochta Áitiúla	16	157,982	732,000
Eile	17	87,346	19,903
		<u>53,454,873</u>	<u>751,903</u>
Caiteachas Iomlán		<u>1,148,145,567</u>	<u>1,148,312,897</u>
Barrachas don bhliain		19,234,661	41,114,903
Barrachas Carntha amhail an 1 Eanáir		<u>123,618,112</u>	<u>82,503,209</u>
Barrachas Carntha amhail an 31 Nollaig		<u>142,852,773</u>	<u>123,618,112</u>

Is cuid de na Cuntais seo iad an Ráiteas ar Bheartais Chuntasaíochta ar Leathanach 3 agus Nótaí 1 go 20.

Cuntais an Chiste Rialtais Áitiúil

Clár Comhardaithe amhail an 31 Nollaig 2012

		<u>2012</u>	<u>2011</u>
	<u>Nótaí</u>	€	€
<u>Sócmhainní Reatha</u>			
Banc		132,096,703	116,789,929
Mótarcháin atá dlite	18	9,798,576	6,873,314
Muirear Teaghlaigh atá dlite	19	<u>1,009,055</u>	<u>-</u>
		<u>142,904,334</u>	<u>123,663,243</u>
<u>Dliteanais Reatha</u>			
Fabhruithe	20	51,561	45,131
Glansócmhainní		<u>142,852,773</u>	<u>123,618,112</u>
Léirithe ag an mBarrachas Carntha ar an gCuntas Ioncaim agus Caiteachais		<u>142,852,773</u>	<u>123,618,112</u>

Is cuid de na Cuntais seo iad an Ráiteas ar Bheartais Chuntasaíochta ar Leathanach 3 agus Nótaí 1 go 20.

Cuntais an Chiste Rialtais Áitiúil Ráiteas ar Shreabhadh Airgid amhail an 31 Nollaig 2012

	<u>2012</u>	<u>2011</u>
	€	€
<u>Réiteach barrachais/easnaimh chuig glan-insreabhadh airgid ó ghníomhaíochtaí oibriúcháin</u>		
Barrachas don bhliain	19,234,661	41,114,903
Ús Tuillte ar Thaiscí	(602,193)	(2,368,653)
Méadú ar Fhéichiúnaithe	(3,934,317)	(1,117,721)
Méadú ar Fhabhrúithe	6,430	45,131
Glan-Insreabhadh Airgid ó Ghníomhaíochtaí Oibriúcháin	<u>14,704,581</u>	<u>37,673,660</u>
Ráiteas ar Shreabhadh Airgid		
Glan-Sreabhadh Airgid ó Ghníomhaíochtaí Oibriúcháin	14,704,581	37,673,660
Torthaí ar Infheistíochtaí agus Fónamh ar Airgeadas		
Ús Tuillte ar Thaiscí	<u>602,193</u>	<u>2,368,653</u>
Méadú ar Airgead	<u>15,306,774</u>	<u>40,042,313</u>
<u>Réiteach glansreafaí airgid chuig gluaiseacht i nglanchistí</u>		
Athruithe ar Ghlan-Chistí de bharr Sreabhadh Airgid		
Glan-Chistí amhail tús na Bliana	116,789,929	76,747,616
Glan-Chistí amhail deireadh na Bliana	<u>132,096,703</u>	<u>116,789,929</u>
Méadú ar Airgead sa Bhliain	<u>15,306,774</u>	<u>40,042,313</u>

Is cuid de na Cuntais seo iad an Ráiteas ar Bheartais Chuntasaíochta ar Leathanach 3 agus Nótaí 1 go 20.

Nótaí leis na Cuntais

1. Ioncam Mótarchánach

Léiríonn an figiúr seo cáin ar mhótarfheithiclí, dleachtanna ceadúnais tiománaithe agus táillí agus dleachtanna ilghnéitheacha a bhailigh Údaráis Mhótarchánach, agus lamháltas déanta acu d'aisíocaíochtaí.

	2012	2011
	€	€
Ollioncam ó Údaráis Mhótarchánach	1,054,227,058	1,013,196,748
Lúide Aisíocaíochtaí	(1,363,078)	(1,566,978)
Glanioncam ó Údaráis Mhótarchánach	<u>1,052,863,980</u>	<u>1,011,629,770</u>

2. Muirear Teaghlaigh

Léiríonn an figiúr seo an tsuim a bailíodh mar Mhuirear Teaghlaigh í 2012 faoin Acht Rialtais Áitiúil (Muirear Teaghlaigh) 2011. Faoin Acht, tá úinéir réadmhaoine cónaithe faoi dhliteanas, ar an dáta dlite, an Muirear Teaghlaigh a íoc, mura bhfaighidh an t-úinéir díolúine nó mura bhfuil cead ag an úinéir tarscaoileadh a éileamh. Rinne an Ghníomhaireacht Bainistíochta Rialtais Áitiúil an córas maidir leis an Muirear Teaghlaigh a riar ar bhonn seirbhís/gníomhaireacht roinnte do na comhairlí contae agus cathrach uile.

I dteanna figiúr an ioncaim ó 2012, bailíodh glansuim eile €23.4m í 2013 agus aithneofar é sin mar ioncam i gcuntais an Chiste Rialtais Áitiúil 2013. Níor aistríodh thart ar €1m de na muirir teaghlaigh a bailíodh í 2013 chuig an gCiste Rialtais Áitiúil amhail an 26 Meán Fómhair 2013. Tá sé seo ar feitheamh fíorú deiridh riaracháin ar na suimeanna a fuarthas.

Baineann an Muirear Teaghlaigh leis an mbliain 2012 amháin agus beidh feidhm ag Cáin Mhaoine Áitiúil le héifeacht ón 1 Iúil 2013. D'aistrigh an fhreagracht maidir leis na muirir teaghlaigh nár íocadh nó nár bailíodh chuig na Coimisinéirí Ioncaim le héifeacht ón 1 Iúil 2013.

Nótaí leis na Cuntais (ar lean)

3. Íocaíochtaí Ilchuspóireacha

Léiríonn an figiúr seo íocaíochtaí le húdaráis áitiúla i leith na bliana dar críoch an 31 Nollaig 2012 agus tá sé bunaithe ar riachtanais agus acmhainní na n-údarás áitiúil agus ar an mbeartas cothromaithe a oibríonn an Roinn Comhshaoil, Pobail agus Rialtais Áitiúil. Ina theannta sin, le comhaontú na Roinne Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe, choinnigh údaráis áitiúla €78m san iomlán in asbhaintí a bhain le pinsin í 2012 ar mhaithe le hilchuspóireacha (€90m í 2011).

4. Seirbhísí Uisce

Baineann an caiteachas seo leo seo a leanas:-

Grúpscéimeanna Uisce

Forchúiteamh caiteachais a rinne údaráis áitiúla le grúpscéimeanna uisce don scéim fordheontais i leith na gcostas oibriúcháin a bhain le huisce a sholáthar le haghaidh úsáid teaghlaigh. Cuimsíonn sé freisin cúnamh airgeadais a cuireadh ar fáil d'íoc na gcostas a thabhaigh na húdaráis áitiúla maidir le riarachán an Chláir Uisce Tuaithe dhéabhlóidithe. B'ionann costas na nGrúpscéimeanna Uisce í 2012 agus €24.6m (€23m í 2011).

Uisce agus Dramhuisce Údarás Áitiúil

B'ionann na deontais speisialta a íocadh le húdaráis áitiúla chun cabhrú leo costais a bhain le hoibriú agus le cothabháil ionaid cóireála nuachríochnaithe a íoc agus €5.2m (€4.9m í 2011) agus b'ionann na costais a bhain le costais ghinearálta a thabhaigh údaráis áitiúla maidir le bainistíocht a gcuid seirbhísí uisce agus dramhuisce agus €5.9m (€5.2m í 2011).

Deontas Oiliúna Údarás Áitiúil

Í 2012, chuir an Roinn deontas speisialta ar fáil i gcomhair na gcostas oiliúna d'fhoireann an Údarás Seirbhísí Uisce atá páirteach í oibriúcháin seirbhísí uisce agus i soláthar bonneagair. B'ionann an caiteachas iomlán ón gCiste Rialtais Áitiúil do 2012 agus €0.9m (€0.9m í 2011).

Costais a bhaineann le Feachtas Eolais faoi Umar Múnlaigh a Fhorchúiteamh

Í 2012, chuir an Roinn deontas speisialta ar fáil i leith na gcostas a thabhaigh na húdaráis áitiúla ar an bhFeachtas Eolais faoi Umar Múnlaigh. B'ionann an caiteachas iomlán ón gCiste Rialtais Áitiúil in 2012 agus €0.2m.

Nótaí leis na Cuntais (ar lean)

5. Maoiniú d'Aimsir Chrua Gheimhridh

Baineann an figiúr seo leis an gcaiteachas a thabhaigh údaráis áitiúla maidir le haimsir chrua gheimhridh í 2012.

6. Bearta um Chuimsiú Sóisialta

Léiríonn an caiteachas seo costais a thabhaigh agus a d'éiligh údaráis áitiúla maidir le haonaid chuimsithe shóisialta a sholáthar agus do bheartais um chuimsiú sóisialta i limistéir chlár RAPID.

7. Áiseanna Spóirt don Phobal

Baineann an íocaíocht seo le maoiniú deontais a chuir an tAire ar fáil do Chomhairle Contae Átha Cliath Theas chun áis nua chultúrtha/oideachas/acmhainne a fhorbairt i gceantar Chluain Dolcáin.

8. Coiste na Réigiún

Léiríonn sé seo an costas a bhain le freastal ar Thoscaireacht na hÉireann chuig Coiste na Réigiún (CoR). Tá oifigí ag an toscaireacht i mBaile Átha Cliath agus sa Bhruiséil agus déanann sí ionadaíocht do leasanna réigiúnacha na hÉireann ar Choiste na Réigiún (CoR). Is Coiste AE é Coiste na Réigiún ina bhfuil toscairí ón 27 tír in Aontas Eorpach a dhéanann ionadaíocht do rialtas áitiúil agus réigiúnach i bpróiseas cinnteoireachta an AE. Tá an maoiniú chun costas Thoscaireacht na hÉireann a íoc á chur ar fáil do Chomhairle Contae Fhine Gall, óna bhfaigheann Toscaireacht na hÉireann a maoiniú.

9. Seirbhísí Dóiteáin

Léiríonn an caiteachas seo an costas a bhaineann le daoine ar iasacht ó údaráis dóiteáin áitiúla timpeall na tíre, nuair a bhaintear úsáid as saineolas agus taithí na noifigeach dóiteáin reatha chun clár nuachóirithe agus athraithe don tseirbhís dóiteáin a chur ar aghaidh ar leibhéal náisiúnta.

Nótaí leis na Cuntais (ar lean)

10. Maoiniú eile d'údaráis áitiúla

Tugtar cúnamh d'údaráis áitiúla chun na costais a bhaineann le tionscadail ilghnéitheacha a íoc mar seo a leanas:

	2012	2011
	€	€
Fóram Stiúrtha Uile-Oileáin	52,500	52,500
Ionaid Ilfhreastail	31,744	-
An Ciste Rialtais Áitiúil um Nuálaíocht	28,454	-
Comhpháirtíocht Áitiúil	9,239	8,965
Fearann na Manach, Ros Comáin	-	150,000
Cuairt Uachtarán SAM	-	111,000
Seirbhísí do Dhaoine faoi Mhíchumas	-	40,000
Forchúiteamh Táillí Dlí	-	7,332
Iomlán	121,937	369,797

11. Bóithre Réigiúnacha agus Áitiúla

Léiríonn sé seo íocaíochtaí a rinneadh leis an Aire Iompair, Turasóireachta agus Spóirt ón gCiste chun cabhrú le húdaráis áitiúla costais a bhain le clár oibreacha ar bhóithre réigiúnacha agus áitiúla (ar tugadh Clár na mBóithre Neamh-Náisiunta air roimhe) a íoc. Tá cead ag an Aire íocaíochtaí a dhéanamh ón gCiste leis an Aire Iompair, Turasóireachta agus Spóirt de bhua an Achta Rialtais Áitiúil, 1998, arna leasú ag an Acht Rialtais Áitiúil (Feidhmeanna Bóithre), 2007.

12. Rannóg Seirbhísí Ríomhaireachta um Cheadúnas Tiomána agus Feithiclí

Léiríonn sé seo an tsuim inmhuirir i leith an Chiste maidir le caiteachas a thabhaigh an Roinn Iompair, Turasóireachta agus Spóirt mar gheall ar Cheadúnú Feithiclí agus Tiománaithe faoi réir Alt 6(5) den Acht Rialtais Áitiúil, 1998, arna leasú ag an Acht Rialtais Áitiúil (Feidhmeanna Bóithre) 2007.

13. Riarachán an Cheadúnaithe Tiománaithe

Léiríonn an caiteachas seo forchúiteamh na gcostas a thabhaigh an tAire Iompair, Turasóireachta agus Spóirt i ndáil le riarachán na gceadúnas tiomána.

Nótaí leis na Cuntais (ar lean)

14. Státhchiste - Ioncam Mótarchánach

Íocadh suim €46.5m, a bhain le méadú na rátaí mótarchánach í 2012, leis an Státhchiste, de bhun Alt 6 den Acht um Mótarfheithiclí (Dleachtanna agus Ceadúnais) 2012.

15. Riarachán an Mhuirir Teaghlaigh

Déanann an Ghníomhaireacht Bainistíochta Rialtais Áitiúil an córas maidir leis an Muirear Teaghlaigh a riar ar bhonn seirbhís/gníomhaireacht roinnte do na comhairlí contae agus cathrach uile. Den chuid is mó, costais foirne, TF, bhaincúireachta agus lóistín ab ea costais iomlána Riarachán an Mhuirir Teaghlaigh a thabhaigh an Ghníomhaireacht í 2012.

16. Tionscnaimh Comhpháirtíochta Áitiúla

Léiríonn an caiteachas seo costais a tabhaíodh agus a éilíodh maidir le tionscnaimh Comhpháirtíochta Áitiúla mar seo a leanas:

	2012	2011
	€	€
Deontas Comhpháirtíochta	157,982	-
Clár Máistir Riarachán Gnó (MBA) Corparáideach de chuid Rialtas Áitiúil	-	660,000
Clár Ceannaireachta IPA	-	72,000
Iomlán	<u>157,982</u>	<u>732,000</u>

17. Eile

Tugtar maoiniú d'údaráis áitiúla freisin chun cuidiú leis na costais a bhaineann le tionscadail ilghnéitheacha mar seo a leanas:

	2012	2011
	€	€
An Ciste Rialtais Áitiúil um Nuálaíocht	60,280	-
Cathaoirleach Neamhspleách do Choiste Forfheidhmithe na nÚdarás Áitiúil	11,970	11,970
Costais tuarastail do Chomhairleoir um Sheirbhísí Comhroinnte don Rialtas Áitiúil	10,164	-
Seirbhísí Dóiteáin	4,932	2,933
Seirbhísí do Dhaoine faoi Mhíchumas	-	5,000
Iomlán	<u>87,346</u>	<u>19,903</u>

Nótaí leis na Cuntais (ar lean)

18. Mótarcháin atá dlite

Léiríonn sé seo glandliteanas na nÚdarás Mótarchánach leis an gCiste maidir le Mótarcháin amhail an 31 Nollaig 2012. Cuimsítear ann:

	2012	2011
	€	€
Mótarcháin a bhí dlite ag deireadh na bliana	4,476,411	5,553,967
Airgead Mótarchánach a bhí faoi bhealach sa chóras baincéireachta amhail deireadh na bliana	5,322,165	1,319,347
Iomlán	<u><u>9,798,576</u></u>	<u><u>6,873,314</u></u>

19. Muirear Teaghlaigh atá dlite

Léiríonn sé seo méid an mhuirir teaghlaigh a bhailigh an Ghníomhaireacht Bainistíochta Rialtais Áitiúil í 2012 agus a bhí dlite don Chiste amhail an 31 Nollaig 2012.

20. Fabhruithe

Léiríonn sé seo dliteanais fhabhraithe mar seo a leanas:

	2012	2011
	€	€
Seirbhísí Dóiteáin	41,397	-
Costais tuarastail do Chomhairleoir um Sheirbhísí Comhroinnte don Rialtas Áitiúil	10,164	-
Rannóg Seirbhísí Ríomhaireachta um Thiománaithe agus Feithiclí	-	45,131
Iomlán	<u><u>51,561</u></u>	<u><u>45,131</u></u>

Arna Síniú

Geraldine Tallon
 Geraldine Tallon
 Ard-Rúnaí

Dáta

26/9/13



Ard Reachtaire Cuntas agus Ciste Tuairiscáil le cur faoi bhráid Tithe an Oireachtais

Ciste Rialtas Áitiúil

Tá iniúchadh déanta agam ar na ráitis airgeadais don Chiste Rialtas Áitiúil don bhliain dar chríoch 31 Nollaig 2012 faoi réir an Achta um Rialtas Áitiúil 1998. Tá na nithe seo a leanas san áireamh sna ráitis airgeadais, a ullmhaíodh faoi réir na bpolasaithe cuntasaíochta leagtha síos ann, na Polasaithe Cuntasaíochta, an Cuntas Ioncaim agus Caiteachais, an Clár Comhardaithe agus an Ráiteas faoi Shreabhadh Airgid agus na nótaí a ghabhann leo. 'Sé an creat tuairiscithe airgeadais a úsáideadh agus iad á ullmhú ná an dlí is infheidhme agus Cleachtas Cuntasaíochta a nGlactar go Coitianta leis in Éirinn.

Freagrachtaí na Roinne Comhshaoil, Pobail agus Rialtais Áitiúil

Tá an Roinn freagrach as na ráitis airgeadais a ullmhú, as a chinntiú go dtugann siad léargas fíor agus cothrom ar idirbhearta an Chiste agus ar a staid ghnóthaí agus as rialtacht na n-idirbheart.

Freagrachtaí an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste

Tá sé de dhualgas ormsa na ráitis airgeadais a iniúchadh agus tuairisc a thabhairt orthu i gcomhaontú leis an dlí is infheidhme.

Tá mo iniúchadh déanta trí thagairt do na nithe speisialta is gá a ghabhann le comhlachtaí Stáit i ndáil le cúrsaí bainisteoireachta agus oibriúcháin.

Tá mo iniúchadh déanta i gcomhaontú leis na Caighdeáin Idirnáisiúnta d'Iniúchadh (Ríocht Aontaithe agus Éire) agus i gcomhaontú le Caighdeáin Chleachtas Iniúcháireachta an Bhoird d'Iniúcháirí Eiticiúla.

Réimse an Iniúchadh ar na Ráitis Airgeadais

Sé tá i gceist le iniúchadh ná fianaise a fháil i dtaobh méid agus nochtadh eolais sna ráitis airgeadais, gur leor í chun dearbhú réasúnta a thabhairt go bhfuil na ráitis airgeadais saor ó mhíríteas ábhartha, cibé de bharr calaoise nó earráide. Áirítear leis seo measúnú ar

- chibé an bhfuil na beartais chuntasaíochta cuí agus curtha i bhfeidhm go comhsheasmhach agus nochta go fónta

- réasúntacht na meastacháin chuntasaíochta shuntasacha a rinneadh in ullmhú na ráitis airgeadais, agus
- cur i láthair foriomlán na ráitis airgeadais.

Déanaimse iarracht chomh maith fianaise a fháil i rith an iniúchta ar rialtacht na n-idirbheart airgeadais.

Tuairim ar na Ráitis Airgeadais

I mo thuairimse tugann na ráitis airgeadais, a ullmhaíodh i gceart i gcomhaontú leis an gCleachtas Cuntasaíochta a nGlactar go Coitianta leis in Éirinn, léargas fíor agus cothrom ar idirbhearta an Chiste don bhliain dar chríoch 31 Nollaig 2012 agus ar staid a ghnóthaí ar an dáta sin.

I mo thuairimse choimeád an Roinn na leabhair chuntais go ceart. Tá na ráitis airgeadais ag teacht leis na leabhair chuntais.

Ábhair ar a gTugaimse Tuairisc de réir eisceachta

Tugaimse tuairisc de réir eisceachta sa chás

- nach bhfuair me an t-eolas agus na míniúcháin iomlan atá ag teastáil uaim do mo iniúchadh, nó
- gur thug mo iniúchadh aon chás ábhartha faoi ndeara nár cuireadh suimeanna airgid chun na húsáide a bhí beartaithe dóibh nó sa chás nach raibh na hidirbhearta i gcomhaontú leis na húdaráis a rialaíonn iad, nó
- go bhfaighimse aon chásanna ábhartha eile a bhaineann leis an gcaoi inar rinneadh an gnó poiblí.

Níl aon tuairisc le tabhairt agam i leith na hábhair seo a bhaineann le tuairisc de réir eisceachta.

Seamus McCarthy
Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste
30 Meán Fómhair 2013

